2024/2504

24.9.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2504 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh 2012/285/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/285/CBES [1].

(2) De bhun Airteagal 5(2) de Chinneadh 2012/285/CBES, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau, agus measann sí gur cheart duine amháin a bhaint de liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní II a ghabhann leis an gCinneadh sin, agus gur cheart triúr a bhaint de liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2012/285/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh 2012/285/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

Z. FELDMAN

[1] Cinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/237/CBES (IO L 142, 1.6.2012, lch. 36).

IARSCRÍBHINN

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2012/285/CBES (Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b)), scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine a liostaítear thíos:

'16. Leifteanant Julio NA MAN'.

(2) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh 2012/285/CBES (Liosta na ndaoine, na n-eintiteas nó na gcomhlachta dá dtagraítear in Airteagal 2), scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine a liostaítear thíos:

'13. Tchipa NA BIDON

16. Idrissa DJALÓ

21. Leifteanant Julio NA MAN'.